




# Réasúnaíocht Uimhriúil

Tomhaiseann an triail seo an cumas chun eolas uimhriúil a h-ionsú agus a luacháil agus chun cinntí nó infeiris cearta a dhéanamh. Tomhaistear gnéithe áirithe de réasúnaíocht choimpléasc atá tábhachtach i ngrád an Phríomhoifigigh Cúnta.

**Treoracha**

Freagair na ceisteanna le do thoil ag úsáid na figiúirí curtha i láthair sna táblaí.

Le haghaidh gach ceist tugtar cúig nó deich freagra le roghnú uathu: A, B, C, D, E, AB, AC, AD, AE nó BC. Le haghaidh ceisteanna le cúig rogha freagraí cliceáil ar cheann de A, B, C, D, nó E. Le haghaidh ceisteanna le deich rogha freagraí, cliceáil A, B,C, D nó E má roghnaíonn tú ceann díobh seo, nó A agus B araon má roghnaíonn tú AB nó B agus C araon má roghnaíonn tú BC agus mar sin de. Tá ceann, is gan ach ceann amháin de na roghanna ceart i ngach cás.


Baineann gach ceist le ceann de na táblaí ar an leathanach. Nuair atá an 8 cheist ar fad comhlíonta agat, is féidir leat féachaint ar na torthaí agus ar an mhíniú i dtaca le gach ceist

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na ceisteanna cleachtaidh seo amaithe [bheadh na 'fíor' thrialacha Réasúnaíocht Uimhriúil bainte amach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoi réir sriantachtaí ama].

Má tá tú réidh chun leanúint ar aghaidh cliceáil anseo

150%

**Customer Queries Received** Dept. of Community Welfare




**Grant Applications Processed In 1999**

| Region | Average No. of Applications Processed Daily | Average Daily Applications Processed as % of Previous Year | Operating Costs | Grants Issued |
|---|---|---|---|---|
| Western | 225 | 90% | 315 | 13500 |
| Southern | 336 | 80% | 360 | 9000 |
| Midlands | 765 | 150% | 450 | 12000 |
| Eastern | 627 | 110% | 562.5 | 18000 |
| Northern | 360 | 75% | 180 | 18000 |

**1.** Cén réigiún a phróiseáil an líon is mó iarratais ar dheontas i 1998?

- A: Iartharach
- B: Deisceartach
- C: Lár Tíre
- D: Oirthearach
- E: Tuaisceartach

**2.** Cén líon de cheisteanna custaiméara iomlán i Samhain a fuarthas ar an nguthán?

- A: 550
- B: 300
- C: 250
- D: 500
- E: Dada díobh seo

**3.** Cén tréimhse dhá mhí, ina raibh líon na gceisteanna scríofa cothrom le líon na gceisteanna gutháin?

- A: Bealtaine & Meitheamh
- B: Meán Fómhair & Deireadh Fómhair
- C: Deireadh Fómhair & Samhain
- D: Meitheamh & Iúil
- E: Iúil & Lúnasa

**4.** Más rud é gur mhéadaigh na hiarratais próiseáilte do 'Lár Tíre' 40% i 2000, le cé mhéid a bheadh an meán líon laethúil, níos mó nó níos lú i 2000, i gcomparáid le hiarratais próiseáilte i 1998?

- A. 77 níos mó
- B. Mar an gcéanna
- C. 561 níos lú
- D. 637 níos mó
- E. 40 níos lú
- AB. 40 níos mó
- AC. 561 níos mó
- AD. 637 níos lú
- AE. 77 níos lú
- BC. Ní Féidir a Rá

150%

## Ceisteanna 5 go 8 de 8

**Student Survey 1998** Dept. of Education & Learning
Full Time & Part Time

| | Connacht Region | Leinster Region | Munster Region | Ulster Region |
|---|---|---|---|---|
| Arts & Humanities | 6516 | 34923 | 28428 | 39921 |
| Business Studies | 6000 | 8100 | 5034 | 22107 |
| Applied Sciences | 2070 | 5520 | 3513 | 11640 |
| Medical Sciences | 2019 | 4470 | 1932 | 8956 |
| Engineering | 1593 | 3696 | 1737 | 8670 |
| Other | 1416 | 3165 | 1104 | 4767 |
| Total | 19614 | 59874 | 41748 | 96061 |

**Management Activities Survey 1998**
*'Most enjoyed activities'*

| Area of Work | Finance Areas | | Technology Areas | |
|---|---|---|---|---|
| Project Planning | 5106 | 17.8% | 7710 | 34.9% |
| Staff Management | 10389 | 36.2% | 543 | 2.5% |
| Policy Development | 3671 | 12.8% | 1224 | 5.5% |
| Liaison with Clients | 6812 | 23.7% | 5499 | 24.9% |
| General Research | 2720 | 9.5% | 7134 | 32.3% |
| Total | 28698 | 100.0% | 22110 | 100.0% |

**5.** Cén limistéar oibre a thaitin leis an líon is mó bainisteoirí?

- A: Idirchaidreamh Le Cliaint
- B: Taighde Ginearálta
- C: Bainistíocht Foirne
- D: Forbairt Pholasaí
- E: Pleanáil Tionscnaimh

**6.** Cén limistéar oibre inar chuaigh an cóimheas de Bhainisteoirí "Limistéir Airgeadais" le "Limistéir Teicneolaíochta" thar 5:1?

- A: Pleanáil Tionscnaimh
- B: Taighde Ginearálta
- C: Bainistíocht Foirne
- D: Forbairt Pholasaí
- E: Idirchaidreamh le Cliaint

**7.** Cén céatadán a bheag nó a mhór de líon iomlán na mac léinn ón 4 réigiún a bhí cothrom leis an líon ag staidéar 'Eolaíochtaí Fheidhmeacha' i 1998?

- A. 18%
- B. 5%
- C. 14%
- D. 8%
- E. 17%
- AB. 20%
- AC. 25%
- AD. 15%
- AE. 10%
- BC. Dada díobh seo


**8.** Cad é cóimheas garbh na mac léinn ó 'Réigiún Uladh' le 'Réigiún Laighean' ag staidéar Eolaíochtaí Leighis i 1998?

- A. 3 : 1
- B. 2 : 1
- C. 1 : 3
- D. 4 : 1
- E. 1 : 2
- AB. 2 : 5
- AC. 6 : 1
- AD. 3 : 2
- AE. 1 : 1
- BC. Ní Féidir a Rá

Ar Aghaidh

## Torthaí Sonraithe in aghaidh na Ceiste

**Customer Queries Received** Dept. of Community Welfare




**Grant Applications Processed In 1999**

| Region | Average No. of Applications Processed Daily | Average Daily Applications Processed as % of Previous Year | Operating Costs | Grants Issued |
|---|---|---|---|---|
| Western | 225 | 90% | 315 | 13500 |
| Southern | 336 | 80% | 360 | 9000 |
| Midlands | 765 | 150% | 450 | 12000 |
| Eastern | 627 | 110% | 562.5 | 18000 |
| Northern | 360 | 75% | 180 | 18000 |

**1.** Cén réigiún a phróiseáil an líon is mó iarratais ar dheontas i 1998?

A: Iartharach

B: Deisceartach

C: Lár Tíre

D: Oirthearach

E: Tuaisceartach

An Freagra Ceart ná : **D**

Do fhreagra: []

Anseo féachaimid ar an tábla ag bun leathanach na dTáblaí, dar teideal Iarratais ar Dheontas Próiseáilte i 1999. Chun na hiarratais ar dheontas próiseáilte ag réigiún amháin a fháil ní foláir dúinn ar dtús na hiarratais ar dheontas próiseáilte i 1999 a aithint agus an figiúr comhfhreagartha sa cholún" Meán na n-Iarratas Laethúil Próiseáilte mar % den Bhliain Roimhe Sin" a úsáid chun figiúr 1998 a fháil. Tóg an réigiún Iartharach mar shampla: Is féidir linn a fheiceáil i 1999 go raibh meán líon na n-iarratas próiseáilte go laethúil ag 225, bhí an figiúr seo mar 90% den fhigiúr i 1998. Céim 1: 225 ÷ 90 = 2.5 (2.5 is ea 1% d'fhigiúr 1998) Anois tá 1% d'fhigiúr 1998 againn, chun an figiúr iomlán a fháil ní foláir dúinn 2.5 a iolrú faoi 100 Céim 2: 2.5 x 100 = 250 Is féidir linn a fheiceáil gur phróiseáil an réigiún Iartharach 250 iarratas go laethúil i 1998. Má leanaimid na céimeanna céanna le haghaidh na ranna fágtha is féidir linn a fheiceáil gur phróiseáil an réigiún Oirthearach 570. Dá bhrí sin an freagra ná D.

**2.** Cén líon de cheisteanna custaiméara iomlán i Samhain a fuarthas ar an nguthán?

A: 550

B: 300

C: 250

D: 500

E: Dada díobh seo

An Freagra Ceart ná : **C**

Do fhreagra: []

Don cheist seo tá an tábla ábhartha ar thaobh chlé uachtarach de leathanach na dTáblaí dar teideal Ceisteanna Custaiméara Faighte. Chun líon na gceisteanna gutháin faighte i Samhain a fháil ní foláir dúinn ar dtús líon iomlán na gceisteanna faighte sa mhí (guthán & scríofa) a aithint. Mar is féidir a fheceáil ó bharr líne an graif an figiúr seo ná 550. Ansin ní foláir dúinn líon na gceisteanna scríofa a fháil ó bhun líne an ghraif, is é seo 300. Dá bhrí sin is bhí líon na gceisteanna gutháin faighte mar líon iomlán na gceisteanna lúide líon na gceisteanna scríofa: 550 - 300 = 250 An freagra ná C.

**3.** Cén tréimhse dhá mhí, ina raibh líon na gceisteanna scríofa cothrom le líon na gceisteanna gutháin?

A: Bealtaine & Meitheamh

B: Meán Fómhair & Deireadh Fómhair

C: Deireadh Fómhair & Samhain

D: Meitheamh & Iúil

E: Iúil & Lúnasa

An Freagra Ceart ná : **E**

Do fhreagra: []

Arís, úsáidimid an tábla dar teideal "Ceisteanna Custaiméara Faighte". Chun líon na gceisteanna gutháin a aithint ní foláir dúinn líon na gceisteanna scríofa a dhealú ó líon iomlán na gceisteanna gutháin & scríofa don tréimhse céanna. Mar shampla: Líon na gceisteanna gutháin faighte i mBealtaine ná 600 - 350 = 250. Dá bhrí sin ba é 250 líon na gceisteanna gutháin faighte i mBealtaine agus ba é 350 líon na gceisteanna scríofa. Má leanann tú an gnáthamh seo le haghaidh gach mí tabharfaidh tú faoi deara gur iad figiúirí Iúil ná - ceisteanna gutháin: 150 agus ceisteanna scríofa - 150. Tá an dá fhigiúr seo cothrom mar an gcéanna d'fhigiúirí Lúnasa (guthán: 200, scríofa 200). Dá bhrí sin, an freagra ná E.

**4.** Más rud é gur mhéadaigh na hiarratais próiseáilte do 'Lár Tíre' 40% i 2000, le cé mhéid a bheadh an meán líon laethúil, níos mó nó níos lú i 2000, i gcomparáid le hiarratais próiseáilte i 1998?

A. 77 níos mó
B. Mar an gcéanna
C. 561 níos lú
D. 637 níos mó
E. 40 níos lú
AB. 40 níos mó
AC. 561 níos mó
AD. 637 níos lú
AE. 77 níos lú
BC. Ní Féidir a Rá

An Freagra Ceart ná : **AC**
Do fhreagra: []

Chun an cheist seo a fhreagairt ní foláir dúinn féachaint ar an tábla dar teideal "Iarratais ar Dheontas Próiseáilte i 1999". Ní foláir dúinn ar dtús meán líon na n-iarratas próiseáilte go laethúil ag réigiún "Lár Tíre" a aimsiú. An figiúr seo ná 765. Chun an figiúr céanna a fháil don bhliain 2000 ní foláir dúinn 765 a mhéadú 40%: Céim 1: 765 ÷ 100 = 7.65 (1%) Céim 2: 7.65 x 40 = 306 (40%) Anois ní foláir dúinn 306 a shuimiú le 765 chun iomlán na bliana 2000 a fháil: 306 + 765 = 1071. An céad chéim eile ná chun iomlán 1998 a fháil. An meán líon laethúil i 1999 ná 150% de líon 1998 mar sin ní foláir dúinn 100% d'fhigiúr 1999 a fháil chun iomlán 1998 a fháil: Céim 3: 765 ÷ 150 = 5.1 (1%) Céim 4: 5.1 x 100 = 510 (100%) - iomlán 1998. Chun an difríocht a fháil idir an dá bhliain ní foláir dúinn an dá iomlán a dhealú: Céim 5: 1071 - 510 = 561 Bheadh an meán líon laethúil 561 níos mó sa bhliain 2000 ná é sin i 1998. An freagra ná AC.

**Student Survey 1998** Dept. of Education & Learning
Full Time & Part Time

| | Connacht Region | Leinster Region | Munster Region | Ulster Region |
|---|---|---|---|---|
| Arts & Humanities | 6516 | 34923 | 28428 | 39921 |
| Business Studies | 6000 | 8100 | 5034 | 22107 |
| Applied Sciences | 2070 | 5520 | 3513 | 11640 |
| Medical Sciences | 2019 | 4470 | 1932 | 8956 |
| Engineering | 1593 | 3696 | 1737 | 8670 |
| Other | 1416 | 3165 | 1104 | 4767 |
| Total | 19614 | 59874 | 41748 | 96061 |

**Management Activities Survey 1998**
*'Most enjoyed activities'*

| Area of Work | Finance Areas | | Technology Areas | |
|---|---|---|---|---|
| Project Planning | 5106 | 17.8% | 7710 | 34.9% |
| Staff Management | 10389 | 36.2% | 543 | 2.5% |
| Policy Development | 3671 | 12.8% | 1224 | 5.5% |
| Liaison with Clients | 6812 | 23.7% | 5499 | 24.9% |
| General Research | 2720 | 9.5% | 7134 | 32.3% |
| Total | 28698 | 100.0% | 22110 | 100.0% |

**5.** Cén limistéar oibre a thaitin leis an líon is mó bainisteoirí?

A: Idirchaidreamh Le Cliaint
B: Taighde Ginearálta
C: Bainistíocht Foirne
D: Forbairt Pholasaí
E: Pleanáil Tionscnaimh

An Freagra Ceart ná : **E**
Do fhreagra: []

An tábla ábhartha anseo ná "Suirbhé Gníomhaíochtaí Bainistíochta 1998". At dtús, ní foláir dúinn an líon iomlán na mbainisteoirí lena thaitin gach gníomhaíocht a aithint. Má thógaimid Bainistíocht Foirne is féidir linn a fheiceáil i "Limistéir Airgeadais" thaitin an ghníomhaíocht seo is mó le 10389, ansin ní foláir dúinn figiúr na "Limistéir Teicneolaíochta" sé sin 543 a shuimiú. 10389 + 543 = 10932 Is é 10932 líon iomlán na mbainisteoirí lena thaitin Bainistíocht Foirne is mó. Má athdhéanaimid na céimeanna seo le haghaidh na gníomhaíochtaí eile tá sé soiléir gur é Pleanáil Tionscnaimh le hiomlán de 12816 an gníomhaíocht a thaitníonn is mó le bainisteoirí. An freagra ná E.

**6.** Cén limistéar oibre inar chuaigh an cóimheas de Bhainisteoirí "Limistéir Airgeadais" le "Limistéir Teicneolaíochta" thar 5:1?

A: Pleanáil Tionscnaimh

B: Taighde Ginearálta

C: Bainistíocht Foirne

D: Forbairt Pholasaí

E: Idirchaidreamh le Cliaint

An Freagra Ceart ná : **C**

Do fhreagra: []

An tábla go gcaithimid féachaint ar ná "Suirbhé Gníomhaíochtaí Bainistíochta 1998". Don cheist seo ní foláir dúinn na cóimheasa de bhainisteoirí "Limistéir Airgeadais" le bainisteoirí "Limistéir Teicneolaíochta" a chur i gcomparáid i ngach limistéar oibre. Chun an cóimheas a fháil le haghaidh gníomhaíocht amháin ní foláir dúinn líon iomlán na mbainisteoirí i "Limistéir Airgeadais" a roinnt ar líon iomlán na mbainisteoirí i "Limistéir Teicneolaíochta". Má thógaimid Forbairt Pholasaí, iomlán "Limistéir Airgeadais" = 3671, iomlán "Limistéir Teicneolaíochta" = 1224 3671 ÷ 1224 = 2.99. Ciallaíonn sé seo gur é cóimheas na mbainisteoirí "Limistéir Airgeadais" le bainisteoirí "Limistéir Teicneolaíochta" in san limistéar d'Fhorbairt Pholasaí ná 2.99:1. Má athdhéanann tú na céimeanna seo gheobhaidh tú sa limistéar de bhainistíocht Foirne gur é cóimheas na mbainisteoirí "Limistéir Airgeadais" le bainisteoirí "Limistéir Teicneolaíochta" ná 19.13:1. Téann an figiúr seo thar 5:1 dá bhrí sin an freagra ná C, Bainistíocht Foirne.

**7.** Cén céatadán a bheag nó a mhór de líon iomlán na mac léinn ón 4 réigiún a bhí cothrom leis an líon ag staidéar 'Eolaíochtaí Fheidhmeacha' i 1998?

A. 18%
B. 5%
C. 14%
D. 8%
E. 17%
AB. 20%
AC. 25%
AD. 15%
AE. 10%
BC. Dada díobh seo

An Freagra Ceart ná : **AE**
Do fhreagra: []

Chun an cheist seo a fhreagairt ní foláir dúinn féachaint ar an tábla dar teideal "Suirbhé na Mac Léinn 1998". Ar dtús ní foláir dúinn líon iomlán na mac léinn a fháil ón tábla. Faighimid é seo trí na hiomláin don cheithre réigiún a shuimiú:

Céim 1: 19614 + 59874 + 41748 + 96061 = 217297 Ansin ní foláir dúinn líon iomlán na mac léinn ag déanamh staidéar ar Eolaíochtaí Fheidhmeacha a fháil:

Céim 2: 2070 + 5520 + 3513 + 11640 = 22743 Chun céatadán na mac léinn ag déanamh staidéar ar Eolaíocht Fheidhmeach a fháil ní foláir dúinn 22743 a iolrú faoi 100 agus an freagra a roinnt ar 217297:

Céim 3: 22743 x 100 = 2274300 2274300 ÷ 217297 = 10.46 (10 go hachomair)

An freagra ná AE 10%.

**8.** Cad é cóimheas garbh na mac léinn ó 'Réigiún Uladh' le 'Réigiún Laighean' ag staidéar Eolaíochtaí Leighis i 1998?

A. 3 : 1
B. 2 : 1
C. 1 : 3
D. 4 : 1
E. 1 : 2
AB. 2 : 5
AC. 6 : 1
AD. 3 : 2
AE. 1 : 1
BC. Ní Féidir a Rá

An Freagra Ceart ná : **B**
Do fhreagra: []

An tábla ábhartha sa chás seo ná "Suirbhé na Mac Léinn 1998". Ar dtús ní foláir dúinn líon iomlán na mac léinn ag staidéar Eolaíochtaí Leighis i "Réigiún Uladh" agus "Réigiún Laighean" a fháil faoi seach. Is féidir linn a fheiceáil ón ghraf gur é 8956 figiúr Uladh agus 4470 figiúr Laighean. Chun cóimheas mic léinn Uladh le mic léinn Laighean a fháil ní foláir dúinn 8956 a roinnt ar 4470: 8956 ÷ 4470 = 2 go hachomair. Cóimheas na mac léinn i "Réigiún Uladh" le mic léinn i "Réigiún Laighean" ag staidéar Eolaíochtaí Leighis ná 2 go hachomair: 1 Is é seo freagra B

Ar ais go trialacha